# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Dubravka ŠUICA

## An Mheánmhuir

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Dearbhaím le lán-trédhearcacht nár rugadh mé i ndaonlathas! Cé go raibh mé ag maireachtáil faoi réimeas neamhdhaonlathach, mhothaigh mé gaol i gcónaí le daoine eile lasmuigh den réimeas sin de thairbhe luachanna coiteanna comhroinnte. An dóchas go mbeidh saol níos fearr ag na glúnta atá le teacht, is cuidiú é sin le daoine a nascadh ar fud an domhain! Fágann an taithí sin go bhfuilim go mór ar son an daonlathais. Is pribhléid agus is freagracht é an daonlathas a spreagann mo thacaíocht do Threoirlínte Polaitiúla 2024-2029 atá bunaithe ar an daonlathas agus an chothroime shóisialta, an rathúnas inbhuanaithe agus ar chosaint agus slándáil. An rogha is fearr atá againn ó thaobh rogha na hEorpa de: Aontas!

Is é seo an dara huair dom formheas Pharlaimint na hEorpa a lorg mar Choimisinéir ainmnithe, an uair seo le haghaidh na sainchúraimí maidir le Réigiún na Meánmhara. Scéalta amhail mo leithéide, is léiriú iad ar chumhacht gheopholaitiúil straitéiseach an Aontais Eorpaigh, mar ghníomhaí réigiúnach agus domhanda. Mo ghairm mar mhúinteoir agus mar pholaiteoir a toghadh ar gach leibhéal rialachais le 30 bliain anuas, is bunchloch iontach í chun feidhmiú go héifeachtach ar an leibhéal Eorpach. Is taithí shaibhir í an taithí a fuair mé agus mé i mo mhéara Dubrovnik dhá uair (2001 go 2009) toisc go bhfuil gné áitiúil ag baint leis an bpolaitíocht go ginearálta! Le linn an ama sin, bhunaigh mé an chéad Chomhairle Cathrach do Leanaí. Ní mór don daonlathas ionadaíoch feidhmiú go héifeachtach ar son an ghnáthphobail. Toghadh mé chun Parlaimint na Cróite ó 2000 go 2011. Bhí mé i mo Leas-Uachtarán ar an gComhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha Chomhairle na hEorpa ar feadh 10 mbliana (2004-2014), arb iad príomhcholúin na Comhdhála sin an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine.

Mar dhuine atá go mór i bhfabhar na hEorpa, tá taithí fhairsing agam ar phróiseas lánpháirtithe na Cróite san Aontas Eorpach, go háirithe mar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Pharlaimint na Cróite um Lánpháirtiú Eorpach. Toghadh mé i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ar feadh 4 théarma as a chéile agus bhí mé i mo leaschathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha. Le 5 bliana anuas, agus mé i mo Leas-Uachtarán den Choimisiún Eorpach um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, neartaíodh an cur chuige coláisteach atá agam i leith mo chuid oibre agus leagadh an bhunchloch dár gcuid oibre sa chéad sainordú eile. Tá an choláisteacht fíor-riachtanach chun comhleanúnachas, éifeachtacht agus cáilíocht na mbeartas a sholáthraímid do na saoránaigh a chinntiú. In éineacht leis an Uachtarán, agus le mo chomhghleacaithe uile, déanfaidh mé tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh a bhaint amach! Tá cuntas teiste láidir agam maidir le Conarthaí an Aontais a urramú go hiomlán, mar aon leis an oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa. Is ról doshannta é mo ról neamhspleách. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé urraim iomlán d'fhuarlitir agus éirim an Chonartha agus gníomhóidh mé ar mhaithe le leas na hEorpa gan aon teagasc a ghlacadh, i gcomhréir le hoibleagáidí an Chonartha (Airteagail 17.3 CAE, 245 agus 339 CFAE). Geallaim go seachnóidh mé aon chás ina bhféadfaí mo neamhspleáchas, mo neamhchlaontacht nó m'infhaighteacht don Choimisiún a cheistiú. Leanfaidh mé den Chód

Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach a urramú, mar aon leis na forálacha atá ann maidir le coinbhleacht leasa. Tá mo Dhearbhú Leasanna líonta isteach agus tá rochtain ag an bpobal air. Leanfaidh mé dá thabhairt cothrom le dáta go tapa, de réir mar is gá. Is cruthúnas é mo chuntas teiste mar Fheisire seanbhunaithe de Pharlaimint na hEorpa gur chomhlíon mé gach oibleagáid i leith na n-institiúidí.

Cuirfidh mé prionsabal an chomhionannais inscne i bhfeidhm arís i ngach réimse atá faoi mo chúram, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise um Chomhionannas Inscne 2020-2025 agus Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne. Tá ionadaíocht mhaith ag mná i mo *cabinet* reatha. Ní fheicim aon údar le mo chur chuige a athrú. Más fúinn comhrac ar son an chomhionannais inscne, ní mór dúinn é a chur chun feidhme freisin. Mar iar-Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ó 2013 agus mar Leas-Uachtarán ar Mhná Pháirtí an Phobail Eorpaigh, is urlabhraí gníomhach mé maidir leis an gcomhionannas inscne sna beartais Eorpacha uile agus laistigh de na próisis chinnteoireachta ar an leibhéal Eorpach. I gCoiste FEMM, d’oibrigh mé chun feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le comhionannas. Trí bheith páirteach sa chéad Choimisiún Eorpach riamh atá cothrom ó thaobh inscne de, feabhsaíodh ár gceapadh beartas. Sa ról atá agam faoi láthair, rinne mé an Straitéis maidir le Cearta Leanaí a stiúradh. Tá taithí fhairsing agam ar a bheith ag plé le leanaí agus leis an óige, ó thaobh na gné idirghlúine de san áireamh. Is daoine óga iad aon trian de na Painéil Saoránach Eorpach (bunaithe ar phainéil na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a raibh mé i mo chomhchathaoirleach uirthi). Eagróidh mé Idirphléití Beartais maidir leis an Aos Óg mar chuid de mo chur chuige foriomlán chun rannpháirtíocht na saoránach a leabú inár gcuid oibre. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, díreoidh mé mo chuid iarrachtaí ar ról straitéiseach an Aontais sa réigiún a mhéadú agus tabharfaidh mé tús áite don Chomhshocrú nua don Mheánmhuir, ar straitéis chuimsitheach é atá bunaithe ar chlár oibre déthaobhach agus réigiúnach ina bhfuil tionscnaimh nithiúla, tionscnaimh maidir le fuinneamh agus an comhar teicneolaíochta glaine, an t-oideachas agus cruthú deiseanna fostaíochta don óige san áireamh. Agus mé i gceannas ar thoscaireacht Pharlaiminteach na Cróite chuig Tionól Parlaiminteach na Meánmhara, fuair mé tacaíocht mhór do mo thuarascáil ar na príomhdhúshláin atá amach romhainn i réigiún na Meánmhara, tionchar na dtosca déimeagrafacha mar shampla. Cuireann an méid sin cúlra seanbhunaithe ar fáil don obair a dhéanfaidh mé amach anseo maidir leis an Meánmhuir, má dheimhnítear m’ainmniúchán.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Is léir ó chuntas teiste mo ghairmréime, an ról atá agam faoi láthair san áireamh, an tábhacht a chuirim ar an gcaidreamh idirinstitiúideach i gcoitinne, go háirithe an caidreamh le Parlaimint na hEorpa. Bhí meas ar na Comhaltaí i gcónaí mar threoirphrionsabal i mo chuid oibre agus leanfaidh mé den chur chuige sin má dheimhnítear m’ainmniúchán sa ról nua seo. Nuair a bhí mé i m’Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, d’iarr mé trédhearcacht iomlán ón gCoimisiún Eorpach. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, comhlíonfaidh mé an iarraidh sin arís, mar chuid de dhaonlathas ionadaíoch atá dea-fheidhmiúil agus athléimneach. Ní maíomh na mogall folamh iad mo chuid gealltanas. Is léir ó mo chuntas teiste go ndéanaim beart de réir briathair. Ba é an 15 Eanáir 2020 an chéad óráid a thug mé mar Leas-Uachtarán den Choimisiún Eorpach os comhair Pharlaimint na hEorpa. Dúirt mé ansin gur mheas mé gur dlúthchara agus comhpháirtí í Parlaimint na hEorpa chun spriocanna a bhaint amach ar son na saoránach. Trí idirphlé oscailte agus dlúthchomhar éifeachtúil le Parlaimint na hEorpa, cinnteoidh mé go léireofar inár dtionscnaimh mianta agus riachtanais na nEorpach agus ár gclár oibre do chomhpháirtíocht neartaithe i réigiún na Meánmhara á chur chun cinn againn. Bhuail mé go rialta le Feisirí urramacha de Pharlaimint na hEorpa atá ag obair mar rapóirtéirí, mar scáthrapóirtéirí agus mar chomhordaitheoirí.

In 2019, gheall mé i scríbhinn go dtacóinn i gcónaí leis an dlúthchomhar idir na hinstitiúidí Eorpacha uile. Sampla de sin is ea an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, nuair a chuireamar ar bun an Dearbhú Comhpháirteach agus nuair a bhunaíomar an Chomhrúnaíocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo chun ár gcomhobair a éascú. Nuair a tháinig deireadh le céim an phlé, leanamar de bheith ag obair le chéile ar an obair leantach agus ar an aiseolas maidir leis an gComhdháil, gach institiúid laistigh dá réimse inniúlachta féin. Mar a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen, tacóidh mé leis an gColáiste trí bheith i láthair sna díospóireachtaí iomlánacha, sna cruinnithe coiste agus sna malartuithe tríthaobhacha a bhaineann leis na sainchúraimí atá beartaithe dom. Chun leanúint den chaidreamh speisialta idir an Pharlaimint agus an Coimisiún

a neartú, cothóidh mé timpeallacht ina gcothaítear meas agus iontaoibh, lena n-áirítear malartuithe i seomra iata le Coiste AFET agus le coistí agus meithleacha ábhartha eile. Áiríodh ar mo chuid oibre ar Dhaonlathas agus Déimeagrafaíocht malartuithe rialta ar thograí nua agus ar staid na himeartha maidir leis na tionscnaimh éagsúla, le roinnt de na coistí, mar atá EMPL, AFCO, LIBE agus FEMM. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, leanfaidh mé ar aghaidh ag tacú le sreabhadh trédhearcach faisnéise.

Tá an comhar le Parlaimint na hEorpa, an t-aon institiúid a dhéanann ionadaíocht dhíreach ar shaoránaigh na hEorpa, fíor-riachtanach i bhfianaise ról na Parlaiminte mar chomhreachtóir. Geallaim go gcuirfidh mé forálacha na gConarthaí chun feidhme go hiomlán mar chuid dár gcomhar. Tabharfaidh mé treoir do na seirbhísí faoi mo chúram tairiscint a dhéanamh go comhsheasmhach agus go réamhghníomhach faisnéis a thabhairt do chomhaltaí na Parlaiminte agus iad a chur ar an eolas i bhformáid iomchuí. Beidh an caidreamh eadrainn bunaithe ar dhílseacht, iontaoibh, trédhearcacht, sreabhadh faisnéise dhá bhealach agus cúnamh frithpháirteach. Leanfaidh mé de bheith á dtreorú ag na prionsabail a shonraítear i gCreat-Chomhaontú 2010. Tacaím freisin le tiomantas an Uachtaráin leanúint de thacaíocht a thabhairt do ról níos láidre na Parlaiminte maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú, caitheamh le rúin Airteagal 225 na Parlaiminte le tograí reachtacha mar ardtosaíocht ar chlár oibre an Choimisiúin agus obair leantach a dhéanamh trí bhíthin idirphlé struchtúrtha leis na coistí freagracha.

Beidh lorg Pharlaimint na hEorpa ar an obair a dhéanfaidh mé ar Chomhshocrú Nua don Mheánmhuir, i bhfianaise do thaithí sa chomharsanacht agus i ndoimhniú na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha sa réigiún. Geallaim go rachaidh mé i dteagmháil le Feisirí Pharlaimint na hEorpa ar bhealach tráthúil, ábhartha agus cuimsitheach.

Tapaím an deis seo chun béim a leagan freisin ar an tábhacht a chuirim ar an gcaidreamh idirinstitiúideach sa chiall ghinearálta agus go sonrach ar chomhar den scoth a choinneáil le comhlachtaí comhairleacha Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste Eorpach na Réigiún.

Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

*3. Sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024−2029, leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige níos straitéisí maidir le comharsanacht an Aontais agus sa cheantar máguaird, go háirithe maidir leis an Meánmhuir. Áirítear le do chuid sainchúraimí ní hamháin réigiún na Meánmhara, ach Comharsanacht an Deiscirt i gcoitinne, lena n-áirítear an Meánoirthear. Conas a shamhlófá roinnt na gcúraimí agus comhlántacht na ról leis an Leas-Uachtarán/Ard-Ionadaí maidir leis an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh (MENA)? Gan dochar do phróisis chinnteoireachta an Choimisiúin, cad iad na tosaíochtaí agus na cuspóirí/spriocanna nithiúla a bheadh agat do na sainchúraimí seo sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma (ar feadh thréimhse do shainordaithe), agus cad iad na príomhdhúshláin (idirnáisiúnta, réigiúnacha, déthaobhacha, institiúideacha, etc.) a fheiceann tú ar an mbealach chun na tosaíochtaí agus na cuspóirí sin a shaothrú, agus cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat iad a shárú?*

Is mór an onóir dom gur ainmnigh an tUachtarán mé le bheith i gceannas ar na sainchúraimí seo a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Is maith is eol dom an fhreagracht mhór atá i gceist leis sin: is é sin an caidreamh idir an tAontas agus comharsanacht an deiscirt i gcoitinne a athstruchtúrú le linn tréimhse a mbaineann dúshlán ar leith léi.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, is é an cuspóir uileghabhálach a bheidh agam an leas is fearr a bhaint as raon iomlán bheartais agus ionstraimí an Aontais sna réimsí seo a leanas:

a. comhar eacnamaíoch agus forbartha,

b. fuinneamh,

c. iompar,

d. nascacht dhigiteach,

e. imirce agus Comhpháirtíochtaí Tallainne san áireamh

f. agus beartais eile,

Is é an fhís atá agam iad a úsáid chun cuidiú leis an gcobhsaíocht, an tsíocháin agus an rathúnas a thabhairt isteach sa réigiún. Ní mór dúinn ár gcomhpháirtíocht a chothú agus cáil agus creidiúnacht an Aontais mar chomhpháirtí iontaofa bunriachtanach a ardú a thuilleadh. Mar sin féin, is maith is eol dom na **dúshláin** iomadúla atá sa bhealach orainn.

1. Ní fhacthas leibhéal na héagobhsaíochta sa Mheánoirthear riamh roimhe agus fágann sé go bhfuil gá mór le cabhair dhaonnúil agus go bhfuil an baol ann go ndéanfar dídeanaithe a easáitiú. A mhéid a bhaineann leis an Afraic Thuaidh, tá gá le tuilleadh infheistíochta mar gheall ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus leibhéil arda dífhostaíochta i measc daoine óga.

2. Tá ár n-iomaitheoirí ag déanamh dul chun cinn sa réigiún. Tá tíortha amhail an tSín agus an Rúis ag cur a n-insintí féin i gcion agus ag cur a leasanna féin chun cinn agus tá clú an Aontais faoi bhrú san am céanna.

3. Tá an spás sibhialta ag laghdú i roinnt mhaith tíortha, agus tá an daonlathas agus saoirsí bunúsacha ag cúlú. Cuireann sé sin bac ar an rathúnas eacnamaíoch agus ar an gcobhsaíocht eacnamaíoch, mar aon leis an tslándáil fhadtéarmach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

4. Tá go leor geilleagar sa réigiún leochaileach agus buailte ag boilsciú ard, droch-chomhardú na n-íocaíochtaí, fás mall agus dífhostaíocht struchtúrach ard.

5. Cé go bhfuil fás tapa ag teacht ar an daonra sa réigiún, níl mná ná daoine óga imeasctha go leordhóthanach i margadh an tsaothair, rud a fhágann go gcailltear amach ar dheiseanna agus go mbíonn tearcfheidhmíocht eacnamaíoch ann.

6. Tá dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus le rochtain ar acmhainní ag cur brú breise ar na pobail is leochailí agus ar na príomhearnálacha eacnamaíocha amhail an talmhaíocht agus an turasóireacht, rud a mbaineann éifeachtaí seach-iarmharta diúltacha leis.

Tá sé d’aidhm againn dul i mbun idirphlé agus comhar cuiditheach le Comharsanacht an Deiscirt ar bhonn leasanna agus luachanna comhroinnte. Agus trí úsáid a bhaint as raon beartas is féidir linn deiseanna a chur ar fáil a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, tá mé tiomanta **oibriú i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán.** Tar éis dom a bheith i mo bhall den Choláiste cheana féin, tá mé an-eolach ar phrionsabal na coláisteachta chun freastal ar ár saoránaigh. Trí bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, áiritheoimid go dtabharfaidh an tAontas freagairt aontaithe ar na dúshláin chasta i réigiún na Meánmhara lena n-áirítear an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus stáit na Murascaille. Beidh sé ríthábhachtach go ndéanfar comhordú éifeachtach dlúth idir tairiscintí beartais, agus go gcuirfear chun feidhme iad le hiarrachtaí taidhleoireachta mar bhonn taca fúthu, chun guth agus ról an Aontais sa réigiún a neartú. Má dheimhnítear m’ainmniúchán sa ról seo, stiúrfaidh mé ullmhú **Comhshocraithe nua don Mheánmhuir**, trí bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus le comhghleacaithe ábhartha eile sa Choláiste. Tá comhthuiscint ann lenár gcomhpháirtithe gur riachtanas straitéiseach í comhpháirtíocht neartaithe sa Mheánmhuir, rud atá ríthábhachtach ar mhaithe lenár rathúnas, slándáil agus athléimneacht inbhuanaithe choiteann. Is pointe láidir é sin ar ar féidir a bheith ag tógáil san am i láthair - ar mhaithe leis an todhchaí. Níl aon amhras ach go bhfuil an tAontas fós ar an gcomhpháirtí is tábhachtaí atá sa réigiún i dtéarmaí na trádála, na tacaíochta airgeadais agus na soghluaisteachta. Mar a dúirt mé, tá freagracht mhór ag baint leis an ról seo. Chuirfeadh Comhshocrú Nua don Mheánmhuir cur chuige níos dírithe níos comhtháite ar fáil, lena gcuirfí creat oibríochtúil nithiúil le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais ar fáil dár gcomhpháirtithe mar aon le tairiscint níos soiléire ar chomhar a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Tá mé cinnte de go measfaidh ár gcomhpháirtithe gur athrú cuiditheach dearfach ar ár gcaidreamh é sin.

Is é sin an fáth a bhfuilim ag amharc ar an gComhshocrú mar **dheis faoi thrí**: ar an gcéad dul síos, é a chur i dtábhacht go measann an tAontas gur tosaíocht pholaitiúil é a chaidreamh leis an réigiún agus sa réigiún; ar an dara dul síos, muinín a athbhunú trí idirphlé agus comhairliúchán cuimsitheach; ar an tríú dul síos, clár oibre misniúil dírithe a chur le chéile arb éard atá ann tosaíochtaí comhaontaithe nithiúla i réimsí a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Ba cheart go gcuirfeadh sé leis an gClár Oibre don Mheánmhuir atá ann cheana lena ndírítear ar réimsí leasa fhrithpháirtigh, amhail infheistíochtaí, trádáil, cobhsaíocht eacnamaíoch, cruthú post, nascacht, fuinneamh, iompar, bia, slándáil agus imirce, chomh maith le hoideachas agus eolaíocht. Éilím nach mór é a bheith dírithe ar an duine agus ag an am céanna, in éineacht leis na tíortha comhpháirtíochta, tionscnaimh bhreise a

fhorbairt atá bunaithe ar luachanna coiteanna agus ar idirphlé, tacú leis an dea-rialachas agus rannchuidiú le cearta an duine agus saoirsí sibhialta a chosaint.

Chuirfeadh an Comhshocrú **fíor-chomhpháirtíocht** chun cinn a bheadh bunaithe ar chur chuige pragmatach atá dírithe ar an leas frithpháirteach.

Ba cheart go gcuideodh an cur chuige sin leis an Aontas a bheith ina chomhpháirtí níos éifeachtaí fós i dtaca leis an gcobhsaíocht, an rathúnas agus réiteach coinbhleachta a chur chun cinn sa réigiún.

D'fhéadfadh na **Comhpháirtíochtaí Cuimsitheacha Straitéiseacha** le comhpháirtithe leasmhara in éineacht le tionscnaimh a bhfuil gné réigiúnach ag baint leo a bheith ar an gcéad cholún den Chomhshocrú nua. Cuirfidh na Comhpháirtíochtaí sin go mór leis an gcomhar i réimsí tosaíochta leasa fhrithpháirtigh agus neartóidh siad láithreacht an Aontais sa réigiún. Ba cheart urraim do luachanna bunúsacha nithe atá uainn ar fad a threorú mar atá an rathúnas, an t-iomaíochas, an imirce dhea-bhainistithe agus an tslándáil.

D'fhéadfadh **tionscnaimh infheistíochta réigiúnaí** a bheith sa dara colún den Chomhshocrú nua, chun infheistíochtaí a shlógadh ar mhórscála agus rannchuidiú le cruthú post agus le fás sa réigiún. Má dheimhnítear m'ainmniúchán sa ról seo, beidh sé d'aidhm agam an comhar eacnamaíoch déthaobhach le comhpháirtithe sa réigiún a mhéadú go suntasach, go háirithe in earnáil an fhuinnimh agus in earnáil na monaraíochta teicneolaíochta glaine. In éineacht leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht, agus le comhpháirtithe sa réigiún, chuirfinn **tionscnamh comhair tras-Mheánmhuirí fuinnimh agus teicneolaíochta glaine** ar bun chun an trádáil fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus borradh a chur faoin monarú teicneolaíochta glaine sa réigiún, go háirithe tríd an Global Gateway. Dá thoradh sin, beidh bua faoi thrí ag an Aontas agus ag ár gcomhpháirtithe i dtéarmaí an dícharbónaithe, na rochtana ar fhuinneamh in-athnuaite atá iomaíoch ó thaobh costais de, agus na forbartha socheacnamaíche a eascraíonn as infheistíocht agus cruthú post sna hearnálacha ardacmhainneachta sin. D'fhéadfadh tionscnaimh infheistíochta réigiúnaí eile a dhíríonn ar an nascacht dhigiteach agus iompair teacht sna sála ar an tionscnamh sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé freisin leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun **Straitéis nua um an Meánoirthear** a fhorbairt, a bheidh dírithe ar an lá tar éis an chogaidh in Gaza agus a leagfaidh béim ar na céimeanna uile is gá a chur chun cinn chun réiteach dhá stát a bhaint amach agus a neartóidh comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha. D'áireofaí sa straitéis clár chun **Údarás Náisiúnta na Palaistíne** a thionlacan in athchóirithe a bhfuil géarghá leo agus sa phróiseas nuachóirithe chomh maith le tionscnaimh chun tacú le **téarnamh agus atógáil Gaza** a luaithe is féidir. Oibreoidh mé chun ár gcomhar leis an Liobáin a neartú chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais láithreacha, i gcomhar iomlán leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus leis an gCoimisinéir um Ullmhacht agus Bainistíocht Ghéarchéime.– Beidh orainn ár n-iarrachtaí a mhéadú chun tacú le dídeanaithe ar fud an réigiúin, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le filleadh deonach, agus sa tSiria, teacht ar bhealaí chun tacú leo ar bhealach níos éifeachtaí laistigh den chreat polaitiúil mar atá sainithe ag an gComhairle Eorpach. Beidh sé ríthábhachtach ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a thabhairt isteach sna hiarrachtaí sin chun go n-éireoidh leo.

Ina theannta sin, tá an rannpháirtiú le **tíortha na Murascaille** fíor-riachtanach. Tá go leor is féidir leis an Aontas agus an réigiún gnóthú ar chomhpháirtíocht níos láidre níos straitéisí, i dtéarmaí deiseanna eacnamaíocha agus cuspóirí slándála. Toisc gur tairseach thábhachtach é réigiún na Murascaille idir an Eoraip, an Áise agus an Afraic, bíonn tionchar díreach ag staid slándála agus chobhsaíochta an réigiúin ar an Aontas. Ar an gcaoi chéanna, tá go leor le tairiscint ag an Aontas do chomhpháirtithe na Murascaille, ós é an margadh aonair, an bloc trádála agus an t-infheisteoir is mó ar domhan é, ós ceannaire sa taighde agus sa nuálaíocht é, agus ós idirghabhálaí tábhachtach agus tionscnóir an iltaobhachais, an daonlathais agus an athraithe shóisialta é. In éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus le Coimisinéirí freagracha eile, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé ár dtionscnamh chun cinn chun comhar réigiúnach agus déthaobhach a neartú, lena n-áirítear **Comhaontuithe Comhpháirtíochta Straitéisí le gach ceann de na sé thír den Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille** (CCSAM) a shaothrú d'fhonn feabhas breise a chur ar ár gcaidreamh déthaobhach le creataí comhair atá struchtúrtha, saincheaptha agus ceangailteach ó thaobh dlí maidir le réimsí leasa fhrithpháirtigh. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag na comhaontuithe sin maidir lenár gclár oibre comhair a athdhíriú ar chuspóirí nua-aimseartha agus maidir leis an tslándáil, an chobhsaíocht agus an fás eacnamaíoch idir an dá réigiún a chothú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé obair leantach ar an gcéad Chruinniú Mullaigh AE-CCSAM sa Bhruiséil an 16 Deireadh Fómhair 2024 agus, ar an gcaoi sin, áiritheoidh mé freisin go rachaidh an tAontas agus réigiún na Murascaille i bpáirt le chéile chun Gaza a atógáil agus maidir le tionscnaimh infheistíochta i réigiún na Meánmhara.

Is uirlis ríthábhachtach é plean cumarsáide láidir straitéiseach chun é a chur ar a chumas don Aontas agus dá chomhpháirtithe tairbhe iomlán a bhaint as ár n-uaillmhianta. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun **plean straitéiseach cumarsáide a chur i láthair** go comhpháirteach chun ról an Aontais i gComharsanacht an Deiscirt a chur chun cinn agus chun cur i gcoinne insintí frith-Aontais freisin. Ní gá a rá nach mór d'fhaighteoirí cistithe ón Aontas a aithint cad as a dtagann sé agus an infheictheacht a áirithiú. Ní mór a bheith airdeallach ar an leibhéal áitiúil freisin. Rannchuideoidh an taithí atá agam ar leibhéil éagsúla rialachais lena áirithiú gur féidir linn dul i dteagmháil le pobail áitiúla san obair seo. Ní mór an chumarsáid s'againn a bheith ag teacht lenár n-uaillmhianta agus ba cheart ceanglais múscailte feasachta, trédhearcachta agus infheictheachta a bheith ina gcuid di.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh sé ríthábhachtach oibriú as lámh a chéile le comhaltaí eile den Choláiste, agus dlúthchaidreamh a dhéanamh leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa chun an leas is fearr a bhaint as ár láidreachtaí comhchoiteanna, agus chun tionchar ár mbeartas ar fud an réigiúin a uasmhéadú.

*4. I gcomhréir leis an treoraíocht ghinearálta ó Uachtarán an Choimisiúin maidir le caidreamh an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa a neartú, an bhféadfá sonraí a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe agat an méid seo a leanas a dhéanamh:*

- *ról réamhghníomhach agus éifeachtach a thabhairt don Pharlaimint (mar ghníomhaí lárnach de 'Foireann na hEorpa') ó na céimeanna is luaithe sna próisis chun do thosaíochtaí agus do chuspóirí a mhionsonrú tuilleadh agus a fhorbairt;*
- *tuairimí a mhalartú go rialta sa Seisiún Iomlánach agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha; 'idirphlé struchtúrtha' agus do láithreacht ad hoc sa Choiste a áirithiú ar gearrfhógra i gcás imeachtaí suntasacha nó forbairtí móra; do láithreacht ag Comhdhálacha Idirpharlaiminteacha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBES/CBSC) a áirithiú, nuair is ábhartha;*
- *a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar sheasaimh na Parlaiminte i dtograí le haghaidh gníomhartha dlí agus i dteachtaireachtaí agus straitéisí nua nó nuashonraithe de chuid an Aontais, agus a áirithiú go gcuirfear an Pharlaimint agus go háirithe a Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas ar bhealach córasach agus tráthúil faoi na tograí agus na doiciméid sin agus go rachfar i gcomhairle leo maidir leis an méid sin (lena n-áirítear comhairliúchán maidir le tosaíochtaí agus seasaimh bheartas eachtrach an Aontais i ndáil le réigiún MENA, amhail an Comhshocrú Nua atá beartaithe do Réigiún na Meánmhara) agus sioncrónú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus na Parlaiminte (mar shampla trí amlínte atá beartaithe a chomhroinnt go córasach roimh ré chun doiciméid straitéiseacha oifigiúla a eisiúint, cruinnithe aireachta agus cruinnithe mullaigh, tograí chun tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, idirphléití maidir le cearta an duine, etc.);*
- *a áirithiú go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis agus doiciméid ábhartha a bhaineann le do chuid sainchúraimí, lena n-áirítear iad siúd a chomhroinntear leis an gComhairle, agus go gcuirfear an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas láithreach agus go hiomlán, i scríbhinn agus ó bhéal, faoi chaibidlíochtaí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear meabhráin tuisceana, agus go dtabharfar aird chuí ar thuairimí na Parlaiminte sula gcuirfear tús leis na caibidlíochtaí agus le linn an phróisis;*
- *a áirithiú go ndéanfar faisnéis ábhartha atá neamhphoiblí a sholáthar don Pharlaimint le linn na gcruinnithe i seomra iata;*
- *tuilleadh comhair, comhordaithe agus éifeachtúlachta i ngníomhaíochtaí tacaíochta don daonlathas idir an Coimisiún agus an Pharlaimint a choinneáil ar bun agus a áirithiú?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Réigiún na Meánmhara, tá sé beartaithe agam ról réamhghníomhach agus éifeachtach a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa ó na céimeanna is luaithe sna próisis chun mo thosaíochtaí agus mo chuspóirí a mhionsonrú a thuilleadh agus a fhorbairt. Cuireann an méid atá déanta agam mar Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh fianaise ar fáil ar a thábhachtaí atá an caidreamh le Parlaimint na hEorpa, dar liom. Déanfaidh mé tuairimí a mhalartú go rialta sa Seisiún Iomlánach agus leis na coistí parlaiminteacha trí idirphlé struchtúrtha agus *ad hoc*, de réir mar is iomchuí. Agus áirím idirphlé ar gearrfhógra sa mhéid sin i gcás imeachtaí suntasacha nó forbairtí móra. Tá mé réidh chun faisnéis a thabhairt don Pharlaimint agus don Chomhairle ag céimeanna éagsúla d'ullmhú agus de chur chun feidhme Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Cuimsitheacha nua, agus ag an am céanna, an chothromaíocht institiúideach á caomhnú agus lánurraim á tabhairt do shainchumais na Parlaiminte maidir le grinnscrúdú daonlathach agus don chreat dlíthiúil is infheidhme.

Áiritheoidh mé go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis agus doiciméid ábhartha agus go gcuirfear an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas go hiomlán faoi chaibidlíochtaí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta. Áiritheoidh mé freisin go dtabharfar aird chuí ar thuairimí na Parlaiminte. Ina theannta sin, soláthróidh mé faisnéis ábhartha

atá neamhphoiblí don Pharlaimint le linn na gcruinnithe i seomra iata, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le cosaint faisnéise rúnda nó an-íogair a áirithiú.

Má cheaptar mé, áiritheoidh mé, faoi chuimsiú an Idirphlé Gheopholaitiúil Ardleibhéil leathbhliantúil maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI), go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis fhónta faoin gcaoi a ndéantar cistí an Aontais a chlársceidealú agus a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le tíortha na Meánmhara. Fanfaidh mé oscailte i dtaobh thuairim na Parlaiminte maidir le conas cur chun feidhme níos fearr na n-acmhainní airgeadais faoi mo shainchúraimí a áirithiú.

Tá mé sásta féachaint ar an gcaoi a bhféadfainn a bheith páirteach in obair na dtoscaireachtaí idirpharlaiminteacha, agus a bheith i dteagmháil le Tionól Parlaiminteach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí, chun comhthuiscint a fhorbairt maidir le dúshláin choiteanna agus le réitigh a dtiocfar orthu.

Ina theannta sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a áirithiú go dtreoróidh an trédhearcacht na próisis éagsúla a bhaineann le Comharsanacht an Deiscirt agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach chomhordaithe agus chomhleanúnach ar mholtaí ó Mhisin Breathnóireachta Toghcháin agus ar thionscnaimh eile arb é is aidhm dóibh caighdeáin dhaonlathacha a chothú agus feabhas a chur ar an gcobhsaíocht pholaitiúil sa réigiún.

Is iar-Fheisire de Pharlaimint na hEorpa mé féin agus mar gheall air sin, tá meas iomlán agam ar an ról atá ag Parlaimint na hEorpa, trí thaidhleoireacht pharlaiminteach agus trí mhisin pharlaiminteacha freisin. Mar iar-Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, is mór agam an tábhacht a bhaineann le hobair an Choiste seo agus leanfaidh mé de bheith ag éascú an ról atá aige inár bpróiseas ceaptha beartas.

*5. Tá dúshláin mhóra fós roimh réigiún na Meánmhara, amhail coinbhleacht, géarchéimeanna agus imirce neamhrialta, ar bacainní móra ar an gcobhsaíocht pholaitiúil agus ar an bhforbairt pholaitiúil, agus ar an tsíocháin agus ar an tslándáil chomh maith. Beidh tú i gceannas ar an obair ar an gComhshocrú Nua do Réigiún na Meánmhara (i gcomhar leis an Leas-Uachtarán/Ard-Ionadaí), nach dtiocfaidh i bhfeidhm i bhfad tar éis Chlár Oibre Nua 2021 don Mheánmhuir. Conas a chuir Clár Oibre Nua 2021 leis an staid a fheabhsú i ndáiríre; conas a thabharfaidh an Comhaontú Nua seo freagairt níos fearr don staid sin; agus conas a thabharfaidh tú údar leis an ngá atá le Comhshocrú níos iomláine? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh próiseas rannpháirteach ann, lena n-áirítear an Pharlaimint agus tíortha comhpháirtíochta i saothrú na straitéise, murab ionann agus an chaoi ar forbraíodh an Clár Oibre Nua? Conas a rachaidh tú i dteagmháil go réamhghníomhach agus go héifeachtach le Parlaimint na hEorpa ó na céimeanna is luaithe sna próisis chun an Comhshocrú Nua seo a mhionsonrú tuilleadh agus a fhorbairt agus maidir lena oibríochtú agus lena chur chun feidhme, chomh maith leis an bplean straitéiseach nua cumarsáide chun ról an Aontais i gComharsanacht an Deiscirt a chur chun cinn ar cheart go mbeadh sé d'aidhm aige insintí bréagacha agus bréagaisnéis a fhrithchothromú, go háirithe i gcás ina bhfuil gealltanais airgeadais i gceist, lena n-áirítear sa tréimhse roimh an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile? Conas a áiritheoidh tú go dtabharfar aird chuí ar chearta an duine in oibríochtú an Comhaontaithe Nua?*

Sa chomhthéacs iar-Covid, leagadh amach i gClár Oibre 2021 don Mheánmhuir ár spriocanna coiteanna ar mhaithe leis an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an rathúnas ar chóstaí uile na Meánmhara. Tá siad sin fós bailí inniu. Leis na cúig thosaíocht den Chlár Oibre Nua don Mheánmhuir tugadh struchtúr don chomhar lenár gcomhpháirtithe, agus leis an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta a ghabhann leis, beifear in ann suas le EUR 30 billiún de thionscadail agus d'infheistíochtaí a shlógadh i bpríomhearnálacha amhail fuinneamh, an comhshaol, uisce/sláintíocht, talmhaíocht, cúrsaí digiteacha, iompar, caipiteal daonna agus forbairt na hearnála príobháidí. Ó mhí Mheán Fómhair 2024, EUR 23,5 billiún atá i méid na gcistí slógtha.

Mar sin féin, tá athrú suntasach tagtha ar an staid sa réigiún le déanaí mar gheall ar na forbairtí foriomlána geopholaitiúla, staid atá fágtha níos measa go háirithe mar gheall ar choinbhleachtaí sa réigiún nó ina chomharsanacht, amhail Gaza, an tSaiheil nó Corn na hAfraice. Tá géarghá le cur chuige níos dírithe agus níos straitéisí má theastaíonn ón Aontas go mbeidh tionchar aige atá ag teacht lena infheistíocht, i bhfianaise thábhacht straitéiseach na Meánmhara i dtaca lenár slándáil, ár gcobhsaíocht agus ár rathúnas féin, agus i bhfianaise an dlúthnaisc atá againn leis an réigiún.

Ba cheart go neartódh an Comhaontú taidhleoireacht an Aontais agus go gcuirfeadh sé leis na comhpháirtíochtaí cuimsitheacha straitéiseacha nua a forbraíodh leis an Túinéis agus leis an Éigipt a tugadh i gcrích i mí Iúil 2023 agus i mí an Mheithimh 2024, faoi seach. Tá móiminteam dearfach tugtha isteach ag na comhpháirtíochtaí sin, rud

a fhágann go bhfuil dul chun cinn nithiúil déanta i réimsí ríthábhachtacha don Aontas. Thug siad uirlisí úsáideacha dúinn chun an t-idirphlé leis na húdaráis náisiúnta a threisiú i gcomhréir leis an mian chomhpháirteach atá againn fíor-chomhpháirtíochtaí a bhaint amach.

Chun go soláthróidh an tAontas tairiscint níos uaillmhianaí agus ar mó an tionchar a bheidh aici faoin gComhshocrú nua don Mheánmhuir, mholfainn díriú ar dhá shraith oibre: ar an gcéad dul síos – comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha a shaothrú le comhpháirtithe an réigiúin, agus ar an dara dul síos – leibhéal nua den ghné réigiúnach a bhaint amach trí thionscnaimh infheistíochta réigiúnaí a mholadh i réimsí amhail fuinneamh, nascacht dhigiteach agus iompair, slándáil, agus Comhpháirtíochtaí Tallainne i measc réimsí eile, mar aon le tionscnaimh nithiúla chun cur chun feidhme a áirithiú, amhail an Tionscnamh Comhair Tras-Mheánmhuirí Fuinnimh agus Teicneolaíochta Glaine dá dtagraítear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam.

Chun an Comhaontú sin a fhorbairt, oibreoidh mé as lámh a chéile leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, agus le tíortha an réigiúin, agus rialtais agus gníomhaithe agus páirtithe leasmhara neamhrialtasacha/na sochaí sibhialta san áireamh, chomh maith leis na Ballstáit. Go háirithe, beidh an rannpháirtíocht leis an **óige** ina tosaíocht i bhfianaise threochtaí déimeagrafacha an réigiúin.

Creidim go bhfuil ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa agus tá fonn orm ionchur na Parlaiminte a úsáid chun an straitéis i leith an réigiúin a dhearadh agus chun baint amach chuspóirí na straitéise a neartú ar gach leibhéal.

Tá mé tiomanta na hionstraimí atá ar fáil a úsáid go freagrach i gcomhréir le tosaíochtaí sainaitheanta agus urraim á tabhairt do na rialacha institiúideacha uile is infheidhme, lena n-áirítear malartú rialta i gcomhthéacs an idirphlé gheopholaitiúil ardleibhéil. Maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, beidh orainn gach a bhfuil ar ár gcumas a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí uile is gá ar fáil chun ár gcomhpháirtíochtaí a bhaint amach sa réigiún chomh maith le solúbthacht leordhóthanach chun freastal ar éigeandálaí agus ar thosaíochtaí nua, agus beidh comhar éifeachtúil le Parlaimint na hEorpa chun na tosaíochtaí sin a shoiléiriú agus chun tacú leo ríthábhachtach.

Cuirfidh mé infheictheacht an Aontais chun cinn trí chumarsáid dhearfach réamhghníomhach a dhéanamh atá saincheaptha freisin. Chuige sin, agus mar a fhoráiltear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí / Leas-Uachtarán ar fud an réigiúin chun **plean straitéiseach cumarsáide** a fhorbairt chun ról an Aontais i gComharsanacht an Deiscirt a chur chun cinn agus chun cur i gcoinne insintí frith-Aontais freisin.Sa chomhthéacs sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun straitéisí a fhorbairt a thuilleadh ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis chun aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis, arb é is aidhm dóibh míchlú a tharraingt ar an Aontas agus ar ár ngníomhaíochtaí nó an bonn a bhaint díobh. Tá gá le hinsintí áititheacha a **théann i gcion ar dhaonraí áitiúla agus a chuireann íogaireachtaí áitiúla san áireamh**. Tá sé ríthábhachtach freisin dul i dteagmháil leis an tseirbhís phoiblí, leis na meáin neamhspleácha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cur i gcoinne na mífhaisnéise, na bréagaisnéise agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, pléifidh mé an plean straitéiseach cumarsáide leis an bParlaimint chun tacú lena fhorbairt.

Ag an am céanna, ní mór beartais an Aontais i leith an réigiúin, agus tacaíocht airgeadais san áireamh, a mhíniú ar bhealach níos fearr do **shaoránaigh agus do cháiníocóirí na hEorpa** chun feabhas a chur ar an bhfeasacht gur infheistíocht i slándáil, i mbainistiú imirce níos fearr, i gcobhsaíocht agus i rathúnas na hEorpa féin í rannpháirtíocht leanúnach an Aontais sa réigiún. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é an cuspóir a bheidh agam feasacht a mhúscailt maidir le réigiún na Meánmhara mar fhoinse deiseanna don Aontas, ar bhonn tionscnaimh nithiúla amhail an comhar tras-Mheánmhuirí fuinnimh agus teicneolaíochta glaine, rud is féidir tairbhí frithpháirteacha a ghiniúint le haghaidh an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta dár gcuid. Bainfidh mé leas as cuid de na ceachtanna a foghlaimíodh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a mhéid a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh lenár saoránaigh maidir le tionchar na rannpháirtíochta i gComharsanacht an Deiscirt.

Bunchlocha an Aontais Eorpaigh is iad meas ar chearta an duine agus prionsabail dhaonlathacha agus tá siad ina gcuid lárnach de chomhpháirtíochtaí an Aontais le tíortha eile. Leagtar amach sna Conarthaí freisin na prionsabail ar a bhfuil gníomhaíocht sheachtrach an Aontais bunaithe chomh maith leis na spriocanna atá aige. Áirítear leis sin an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine chomh maith le prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chosaint agus leasanna agus cuspóirí straitéiseacha a shainaithint. Ní haon eisceacht é oibríochtú an Chomhshocraithe don Mheánmhuir, agus tabhairt i gcrích na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha san áireamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim gurb iad urraim do na treoirphrionsabail sin agus a gcur chun cinn a threoróidh mé agus an Comhaontú Nua á ullmhú agus á chur chun feidhme.

*6. Conas a thacóidh tú leis an Leas-Uachtarán/Ard-Ionadaí sa Mheánoirthear, agus cén úrnuacht a bheadh i Straitéis nua an Aontais don Mheánoirthear i dtaca leis an Straitéis Chomhpháirteach atá ann cheana don Phalaistín, ag tógáil ar Thionscnamh Lá na Síochána ón gCoimisiún a bhí ann roimhe seo agus lena ndírítear ar ról taidhleoireachta níos láidre a áirithiú don Aontas chun síocháin fhadtéarmach a bhaint amach bunaithe ar réiteach an Dá Stát? Conas is féidir leis an bParlaimint cabhrú leat, go háirithe trí uirlisí tacaíochta daonlathais, amhail idirghabháil agus fothú acmhainneachta agus tionscnaimh chearta an duine? Conas a chuirfear san áireamh i do rannpháirtíocht fhoriomlán i réigiún an Mheánoirthir láithreacht na ngníomhaithe stáit agus neamhstáit sa réigiún atá naimhdeach go hoscailte don Aontas agus dá luachanna? Conas a bhainfidh tú amach, agus i gcomhar leis an Leas-Uachtarán/Ard-Ionadaí, an méid ar thíortha na Murascaille a thagann faoi do shainchúraimí, nach cuid de Chomharsanacht an Deiscirt iad?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tacóidh mé leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun Straitéis AE-an Meánoirthear a fhorbairt agus é d'aidhm againn ár leasanna a chur chun cinn ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, chomh maith le tíortha agus críocha a bhfuil géarchéim ar siúl iontu a chobhsú. Ba cheart freagairt an Aontais ar na dúshláin leanúnacha sa réigiún a leagan amach go soiléir sa Straitéis nua um an Meánoirthir a bheidh dírithe ar an lá tar éis an chogaidh in Gaza agus a leagfaidh béim ar na céimeanna uile is gá a chur chun cinn chun réiteach dhá stát a bhaint amach agus a neartóidh comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha. D'áireofaí sa straitéis clár chun **Údarás Náisiúnta na Palaistíne** a thionlacan in athchóirithe a bhfuil géarghá leo agus sa phróiseas nuachóirithe chomh maith le tionscnaimh chun tacú le **téarnamh agus atógáil Gaza** a luaithe is féidir.

Ba cheart ról suntasach a bheith ag clár oibre na Straitéise nuaí maidir le comhar eacnamaíoch, ós rud é gurb é an tAontas an deontóir agus an comhpháirtí trádála is mó atá ag go leor tíortha sa réigiún. Bheadh colún an chomhair eacnamaíoch den straitéis sin bunaithe ar na treoirphrionsabail seo a leanas: an fhorbairt eacnamaíoch agus an rathúnas a nascadh leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht, agus ag an am céanna tógáil ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha níos láidre le tíortha sa réigiún agus tionscnaimh réigiúnacha a chur chun cinn, rudaí a fhágann go bhfuil sé níos éasca an lasair a baint den bharrach. I measc bhunchlocha tábhachtacha na Straitéise, beidh próiseas síochána an Mheánoirthir a athbheochan trí dhíriú ar na céimeanna uile is gá a chur chun cinn i dtreo réiteach an dá stát mar aon le freagairt do riachtanais dhaonnúla. Ina theannta sin, chun Straitéis chuimsitheach AE-an Meánoirthear a fhorbairt, beidh gá le comhpháirtíochtaí láidre le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha a bhunú, go háirithe le tíortha na Murascaille agus le príomhghníomhaithe eile.

Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach comhoibriú go sonrach le comhaltaí Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille (CCSAM) maidir leis an tionscnamh comhair tras-Mheánmhuirí fuinnimh agus teicneolaíochta glaine a fhorbairt sa Mheánmhuir agus féachaint ar infheistíochtaí comhpháirteacha ár n-institiúidí maoinithe faoi seach sa Chonair Iompair Tras-Chaispeach, go háirithe san Áise Láir. Tá an tAontas réidh freisin chun páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme Chonair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip le comhaltaí CCSAM, ar príomhthionscnamh é lena bhféadfaí nascacht idir ár réigiúin a neartú. Ní hamháin go gcuirfidh na tionscnaimh sin deiseanna nithiúla gnó ar fáil dár réigiúin faoi seach agus do na réigiúin sin a mbímid ag plé leo go comhpháirteach, cothóidh siad an tslándáil agus an chobhsaíocht sa réigiún ag an am céanna – ar príomhábhar imní de chuid an Aontais agus Stáit na Murascaille araon é.

Féachfar ar réimsí eile comhair agus ailínithe, agus an tsoghluaisteacht tallainne agus saoránach san áireamh, mar chuid lárnach de na comhpháirtíochtaí cuimsitheacha nua le tíortha aonair na Murascaille, bunaithe ar a leasanna sonracha agus ar a bhfuil bainte amach acu – i réimse na slándála san áireamh.

In éineacht le comh-Choimisinéirí, leanfainn de bheith ag obair sa treo sin le linn mo shainordaithe.

Feictear dom go bhfuil ról tábhachtach ag na toscaireachtaí idirpharlaiminteacha, a mhéid a bhaineann le ról taidhleoireachta níos láidre a áirithiú don Aontas sa réigiún. Tá Grúpa de chuid PE um an Tacaíocht don Daonlathas agus um Chomhordú Toghchán ag tacú freisin le hiarrachtaí an Aontais an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta agus tá sé beartaithe agam tacú lena chuid oibre.

Tá sé tábhachtach a bheith i dteagmháil leanúnach le gníomhaithe Stáit agus neamhstáit, lena n-áirítear iad siúd nach gá go bhfuilimid ar aon intinn leo, mar chuid de na hiarrachtaí foriomlána chun tuilleadh díchobhsaithe a sheachaint. Is bealach bunriachtanach é chun leanúint de bheith ag tacú le bunluachanna uilíocha, lena n-áirítear urraim don dlí idirnáisiúnta, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha.

*7. I ndáil leis na hionstraimí maoinithe sheachtraigh, conas a chuirfidh tú feabhas ar chomhsheasmhacht, ar éifeachtúlacht agus ar thrédhearcacht an chúnaimh i gComharsanacht an Deiscirt, trí choinníollacht dhocht a chur i bhfeidhm agus trí ról dílis Pharlaimint na hEorpa a áirithiú i stiúradh straitéiseach na n-ionstraimí maoinithe sheachtraigh, lena n-áirítear trí fhaisnéis i scríbhinn a chur ar fáil go tráthúil maidir lena gcur chun feidhme? Cén seasamh atá agat maidir leis an úsáid is mó a bhaintear le déanaí as cúnamh macrairgeadais sna pacáistí cúnaimh a tugadh do chomhpháirtithe sa réigiún agus an bhfuil sé ar intinn agat leanúint le cleachtas an Choimisiúin a bhí ann roimhe seo i ndáil leis sin?*

Tá tús curtha ag an gCoimisiún le bunú comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha nua le tíortha i gcomharsanacht an deiscirt. Is é príomhphrionsabal na gcomhpháirtíochtaí sin tairiscint airgeadais an Aontais a chomhcheangal lena ionstraimí beartais ar bhealach níos comhleanúnaí chun an tionchar dearfach agus comhthairbheach is féidir a bheith ag ár gcomhar a uasmhéadú, agus ag an am céanna fás agus rathúnas eacnamaíoch inbhuanaithe a ghiniúint sa réigiún chomh maith le haghaidh a thabhairt ar leasanna díreacha eile an Aontais. Tá na tairiscintí cuimsitheacha sin bunaithe ar thacaíocht do luachanna agus prionsabail uilíocha agus tá siad curtha in oiriúint don staid shonrach eacnamaíoch agus pholaitiúil chun leasanna agus riachtanais straitéiseacha an Aontais agus ár gcomhpháirtithe araon a chur san áireamh.

Tá na prionsabail sin mar bhonn taca faoi na comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha a tugadh i gcrích leis an Túinéis agus leis an Éigipt. Sa dá thír, is é is aidhm don chur chuige sin leas a bhaint as an acmhainneacht ollmhór atá ann le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha de chuid an Aontais. Tá seirbhísí an Choimisiúin, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ag déanamh faireachán ar a gcur chun feidhme agus ar a bhforbairtí sna tíortha chun a áirithiú go gcomhlíonfar go cuí na coinníollacha uile a leagtar síos. Cé go bhfuil forbairtí dearfacha tagtha ar go leor bealaí mar thoradh ar na comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha go dtí seo, mar shampla maidir le comhar agus cobhsú eacnamaíoch, is cúis imní dom roinnt forbairtí i tíortha comhpháirtíochta áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an laghdú atá ag teacht ar an spás le haghaidh na sochaí sibhialta agus na meán. Tá sé beartaithe agam an loighic 'tuilleann breis tuilleadh' a shaothrú le cur chuige atá sách solúbtha chun dea-chomhar a chothú agus tacú le forbairtí dearfacha. Tá mé tiomanta a áirithiú go leanfaidh Toscaireacht an Aontais agus ár gcomhpháirtithe de shúil ghéar a choinneáil ar fhorbairtí ar an láthair, agus de bheith ag obair leis na húdaráis chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhealach cuiditheach. A mhéid a bhaineann le hionstraimí maoiniúcháin sonracha a úsáid, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil na comhpháirtíochtaí sin saincheaptha agus go gcuireann siad le sraith theoranta tosaíochtaí sainaitheanta spriocdhírithe agus réimsí comhleasa a bhfuil mianach iontu tairbhí fhrithpháirteacha a bheith ag baint leo. De réir chomhthéacs eacnamaíoch na tíre comhpháirtíochta ag an am, agus an toil pholaitiúil atá inti athchóiriú a dhéanamh, d'fhéadfaí a áireamh leis sin Cúnamh Macrairgeadais (iasachtaí lamháltais) a bheith mar ab amhlaidh i gcás na hÉigipte. Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil iasachtaí an Aontais an-fhabhrach agus go mbaineann an tír thairbhíoch tairbhe as rátáil chreidmheasa an Aontais. Áirithítear leo freisin go bhfuil tíortha comhpháirtíochta dírithe go láidir ar a n-úsáid chuí i bhfianaise na riachtanas aisíocaíochta níos faide anonn.

As seo amach, tá mé tiomanta a áirithiú go leanfar d'úsáid na n-ionstraimí uile a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhthéacs comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha a bhunú ar anailís dhaingean ar na deiseanna agus ar na rioscaí a bhaineann le húsáid na n-ionstraimí sin. Agus aird á tabhairt agam ar shrianta airgeadais, déanfaidh mé cás ar son na huirlisí uile is gá a choinneáil sa phlé atá ar na bacáin maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Arís eile, ní mór dúinn a bheith solúbtha. Creidim go láidir go bhfuil rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa tábhachtach ina leith sin, agus tá mé tiomanta dul i mbun plé leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile le linn mo shainordaithe.

I ndáil leis sin, dar liom go mbeidh ról lárnach ag an idirphlé geopholaitiúil ardleibhéil agus áiritheoidh mé go mbeidh mo sheirbhísí agus mé féin ar fáil i gcónaí chun malartuithe a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa.

Ceisteanna ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

*8. I gcomhthéacs an athraithe atá ag teacht ar shaol na hoibre, conas a thabharfaidh tú aghaidh ar dhúshláin dhéimeagrafacha na hEorpa agus a n-iarmhairtí do dhaoine aonair agus dá dteaghlaigh, amhail aosú an daonra, imirce daoine oilte agus laghdú ar an daonra atá in aois oibre? Cad iad na dreasachtaí fadtéarmacha chun maireachtáil agus oibriú san Aontas Eorpach, dar leat? Agus cad iad na bearta a chuirfidh tú chun feidhme chun rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a mhéadú? Cad iad na príomhphointí fócais sa réimse seo, dar leat, gur cheart a bheith sa téarma reachtach seo?*

Tar éis dom a bheith i mo Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht ó bhí 2019 ann, is maith is eol dom na dúshláin a bhaineann leis an **réaltacht dhéimeagrafach san Eoraip** sa lá atá inniu ann. Tá áthas orm an deis a bheith agam cur leis an saineolas a fuarthas le 5 bliana anuas le linn an tsainordaithe reatha.

Tá daonra na hEorpa ag dul in aois, agus meastar go dtiocfaidh laghdú beagnach 1 mhilliún oibrí ar an lucht saothair atá aici gach bliain idir seo agus 2050. Déanann sé sin difear do leor gnéithe dár sochaí, cuir i gcás ár n-iomaíochas foriomlán, táirgiúlacht agus dinimiceas ár ngeilleagair, feidhmiú mhargadh an tsaothair, ár mbeartais óige, oideachais agus sláinte, chomh maith lenár mbuiséid phoiblí agus inbhuanaitheacht airgeadais na gcóras leasa shóisialta. Léiríonn ár gcumas aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach freisin ár gcumas a thaispeáint gur féidir leis an daonlathas an méid is gá a bhaint amach, san áit a bhfuil gá leis ar mhaithe lenár saoránaigh, bídís óg nó aosta, bídís sna cathracha nó faoin tuath, etc. Bíonn tionchar ag an athrú déimeagrafach ar ár gcumas dul chun cinn a dhéanamh i dtreo tosaíochtaí straitéiseacha, amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Tá gné chríochach thábhachtach ag baint leis an athrú déimeagrafach freisin agus is féidir leis na héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus laistigh díobh a dhéanamh níos measa. Bíonn réigiúin áirithe buailte níos measa ná réigiúin eile go háirithe, is é sin go mbíonn an daonra ag titim agus soghluaisteacht shuntasach oibrithe óga amach iontu.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé leis an méid atá bainte amach ag an gColáiste reatha agus agam féin le linn an tsainordaithe roimhe seo. Cuirfidh mé m'eolas agus mo thaithí ar fáil agus áiritheoidh mé go rachaimid i ngleic le bunchúiseanna an athraithe dhéimeagrafaigh agus go rachaimid in oiriúint do réaltachtaí nua, mar a bheartaítear i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin 2024-2029.

Mar a cuireadh i dtábhacht sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, is é an tosaíocht a bheidh agam an **Bosca Uirlisí Déimeagrafaíochta a chur chun feidhme**, ina leagtar amach tacar cuimsitheach ionstraimí rialála, creataí beartais agus uirlisí cistiúcháin atá ann cheana agus atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tacú leis na Ballstáit an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú. Is é is aidhm don bhosca uirlisí mianta teaghlaigh agus obair íoctha a thabhairt le chéile ar bhealach níos fearr; é a chur ar a gcumas do ghlúnta óga agus sine éirí go hard leo; agus, i gcás inar gá, cuidiú le ganntanais lucht saothair a líonadh trí imirce dhleathach.

In éineacht le Comhaltaí eile an Choláiste, leanfaidh mé de bheith i dteagmháil leis na Ballstáit chun cuidiú leo an Bosca Uirlisí Déimeagrafaíochta a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Ní mór dúinn an leas is fearr a bhaint as an obair ar an gcomhionannas agus ar an gcothroime idirghlúine. Mar chuid dár gcur chuige ina mbainimid úsáid as an eolaíocht agus beartais á gceapadh, oibreoidh mé chun bonn taighde agus fianaise ár gcuid oibre a neartú a thuilleadh, mar shampla maidir le rátaí ísle breithe san Aontas agus na bearta is gá chun tacú le daoine a mianta pearsanta a bhaint amach.

Thairis sin, oibreoidh mé chun tacú le **rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a mhéadú** a thuilleadh, lena n-áirítear mná, daoine óga, daoine fásta níos sine (55+) agus náisiúnaigh tríú tír. Is féidir linn tallann neamhshaothraithe a úsáid agus rátaí gníomhaíochta níos airde a bhaint amach trína riachtanais shonracha a chomhlíonadh. I gcás seanóirí, mar shampla, is féidir linn tacú leis na Ballstáit socruithe solúbtha oibre a chur chun feidhme agus ionaid oibre a oiriúnú, beartais a chur chun cinn lena spreagtar patrúin scoir sholúbtha, tacú le pleanáil sláinte agus airgeadais ar feadh na saolré, agus dul i ngleic le steiréitíopaí agus leis an idirdhealú. Trí na rátaí rannpháirtíochta a mhéadú go háirithe i gcás na mban agus oibrithe scothaosta, is féidir an laghdú ar an daonra in aois oibre a fhritháireamh i bpáirt.

Chuige sin, comhoibreoidh mé ar fud an Choláiste chun tionscnaimh bheartais nua a dhearadh chun ár n-iarrachtaí a chomhlánú agus a leathnú. Oibreoidh mé go háirithe leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, i measc nithe eile ar an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán agus ar Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta chun tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste trí bhearta spriocdhírithe um chuimsiú gníomhach agus rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fíor-riachtanacha á háirithiú ag an am céanna. Le Straitéis Cúraim na hEorpa agus na Moltaí ón gComhairle a ghabhann léi, cuirfear feabhas ar sheirbhísí cúraim, uaillmhian

a dtacófar léi leis an tionscnamh nua maidir le creat níos comhleanúnaí le haghaidh dúshlán a bhaineann leis an lucht saothair cúraim fhadtéarmaigh. Comhlánóidh sé sin iarrachtaí an Choimisiúin maidir le himirce lucht saothair chun cuidiú le daoine a mhealladh a bhfuil na scileanna cearta acu chun freastal ar riachtanais mhargadh saothair an Aontais, go háirithe trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a sheoladh agus trí leanúint den obair ar Chomhpháirtíochtaí Tallainne.

Mar chuid den obair a bheidh ar siúl agam, bainfidh mé úsáid as gach uirlis dá bhfuil ar fáil dom chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus cistí eile de chuid an Bheartais Comhtháthaithe ag tabhairt aghaidh cheana féin ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú déimeagrafach. Leanfaimid ar aghaidh leis na hinfheistíochtaí sin agus, i gcás inar gá, bainfimid úsáid as an athbhreithniú meántéarma atá ar na bacáin ar chláir an Bheartais Comhtháthaithe chun ár gcistiú a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr sna Ballstáit. Dá bhrí sin, tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an meath eacnamaíoch agus déimeagrafach i roinnt réigiún den Aontas agus chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, ionas gur féidir le daoine fanacht agus oibriú ina réigiúin bhaile. Leanfaidh mé de chomhtháthú deiseanna agus dúshlán déimeagrafach i gceapadh beartas an Aontais a chur chun cinn i ngach réimse ábhartha agus oibreoidh mé chun ár dtreoraíocht agus ár dtacaíocht a threisiú chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit meascán leathan athchóirithe a shaothrú, cuir i gcás i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile</u>

*9. De réir do litreach misin, ba cheart duit oibriú ar chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha comhthairbheacha a thógáil le tríú tíortha sa réigiún a bhfuil tú freagrach as, lena n-áireofaí gnéithe imirce amhail 'rialuithe teorann agus an comhrac i gcoinne smuigléirí' a oibríochtú, agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán. Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go ndéanfar an t-oibríochtú sin go héifeachtach? Conas a áiritheoidh tú gur féidir leis an bParlaimint a maoirseacht a fheidhmiú le linn an phróisis chun na comhpháirtíochtaí sin a thógáil, go háirithe nuair a d'fhéadfadh roinnt dá ngnéithe tionchar a imirt ar a sainchumais reachtacha?*

Má cheaptar mé mar Choimisinéir um Réigiún na Meánmhara, beidh sé d'aidhm agam cuspóirí an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann a bhaint amach, agus go háirithe na gnéithe de a bhaineann le beartas seachtrach, i gcomhar iomlán leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce. Chomhoibreoinn freisin le comhaltaí eile an Choláiste chun cur chuige straitéiseach comhordaithe a neartú a thuilleadh maidir leis an ngné sheachtrach de bheartas imirce an Aontais, agus chuirfinn leis na torthaí a baineadh amach go dtí seo.

Trí bheith ag obair i gcomhar le tíortha na Meánmhara agus le tríú tíortha, cuirtear deiseanna ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Ós rud é gur minic gur tíortha idirthurais agus tionscnaimh araon iad tíortha i réigiún na Meánmhara, ní mór cur chuige an bhealaigh iomláin a neartú chun inbhuanaitheacht agus tionchar fadtéarmach ghníomhaíocht an Aontais a áirithiú, agus comhthéacs níos leithne agus bunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh á gcur san áireamh freisin.

Laistigh de na comhpháirtíochtaí cuimsitheacha straitéiseacha faoin gComhshocrú Nua don Mheánmhuir, beidh an comhar maidir leis an imirce i measc na bpríomhthosaíochtaí, mar aon le réimsí leasa choitinn eile, an tslándáil san áireamh. D'fhéachfainn chuige go n-oibrímid le comhpháirtithe agus go leanaimid de thacaíocht a chur ar fáil dóibh maidir le gach réimse a bhaineann leis an imirce mar chuid de na comhpháirtíochtaí, lena n-áirítear maidir le daoine atá i staideanna leochaileacha a chosaint, rialachas agus bainistiú imirce, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, filleadh deonach agus athimeascadh, athligean isteach chomh maith le himirce dhleathach agus soghluaisteacht. Tá i bhfad níos mó ná an imirce i gceist lenár gcomhar le comharsanacht an deiscirt agus tá sé dílsithe i go leor réimsí leasa choitinn lena n-áirítear infheistíocht san oideachas, sa bhonneagar agus sa gheilleagar i gcoitinne.

I ndáil leis an méid sin, ar mhaithe leis an leas coiteann, tá sé tábhachtach go ndéantar deiseanna a chruthú, go háirithe le haghaidh daoine óga sna tíortha sin, chun bealaí dlíthiúla a chumasú, agus an imirce neamhrialta á laghdú ag an am céanna. Cuireann Comhpháirtíochtaí Tallainne creataí ar fáil le haghaidh comhair maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus is féidir leo cuidiú le comhpháirtíochtaí a threisiú maidir le gnéithe eile de bhainistiú imirce. D'oibreoinn le Coimisinéirí eile chun iad a fhorbairt a thuilleadh, agus é d'aidhm agam aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i margadh saothair an Aontais in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe agus rannchuidiú le forbairt scileanna agus fás eacnamaíoch i dtíortha tionscnaimh ag an am céanna.

Is léir go bhfanfaidh an comhrac in aghaidh smuigleáil imirceach agus bainistiú imirce cearta-bhunaithe i measc phríomhthosaíochtaí an Aontais, in éineacht le tacaíocht a chur ar fáil do chomhpháirtithe i réimse chosaint na n-imirceach, an fhillte dheonaigh, agus aghaidh á tabhairt ar bhunchúiseanna na himirce agus na himirce dleathaí ag an am céanna.

Tá torthaí dearfacha cheana féin ar fud na réimsí éagsúla mar thoradh ar an tacaíocht a cuireadh ar fáil go dtí seo, rud a rannchuidigh freisin le sreafaí imirce neamhrialta chuig an Aontas a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an baol báis a laghdú le linn turais trasna na farraige ar minic iad a bheith contúirteach. Tá mé tiomanta leanúint ar aghaidh ar an gconair sin, na gealltanais a tugadh a chomhlíonadh agus cuspóirí an Aontais a oibríochtú go héifeachtach.

Ba cheart cur chuige cuimsitheach an Aontais maidir leis an imirce leanúint de bheith fréamhaithe i ndlúthpháirtíocht agus i meas ar chearta an duine. Is bunphrionsabail de chuid bheartas imirce an Aontais iad meas ar chearta an duine agus dínit imirceach, iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe, i gcomhréir le hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta. Ceanglaítear ar ár gcomhpháirtithe na hoibleagáidí idirnáisiúnta sin a chomhlíonadh, mar shampla urraim do phrionsabal an non-refoulement.

Tacóidh mé le comhaltaí an Choláiste, agus le feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta tríd an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac agus trí Chomhpháirtíochtaí Oibríochtúla Frithsmuigleála nua (lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a dhéantar san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla).

Cuireann na comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha leis na comhaontuithe comhlachais a tugadh i gcrích lenár dtíortha comhpháirtíochta, agus is ionstraimí neamhcheangailteacha fós iad. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá mé tiomanta an fhaisnéis is gá a chur ar fáil don Pharlaimint, lena n-áirítear plé luath agus seisiúin tuairimíochta, chun go mbeidh sí in ann a formhaoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

<u>Ceisteanna ón bhFochoiste um Chearta an Duine</u>

*10. Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go mbeidh an caidreamh le comhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt i gcoitinne á threorú trí chearta an duine, daonlathas, smacht reachta agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn? Conas a chuirfidh tú coinníollacht chearta an duine i bhfeidhm sa réigiún seo, go háirithe i bhfianaise na Meabhrán Tuisceana a síníodh le déanaí (an Éigipt, an Túinéis, etc.)? An bhfuil tú tiomanta d'acmhainní breise a dhíriú ar chláir agus ar bhaill foirne atá ag obair ar son an daonlathais agus chun tacú leis an tsochaí shibhialta sa réigiún?*

Is bunchlocha an Aontais Eorpaigh iad meas ar chearta an duine agus prionsabail dhaonlathacha agus tá siad ina gcuid dhílis de bhainistiú ár maoinithe sheachtraigh, mar shampla a mhéid a bhaineann leis na comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha. Tá siad bunaithe ar chomhspriocanna agus leasanna frithpháirteacha agus tá siad ceaptha chun cuidiú leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar go leor saincheisteanna ríthábhachtacha ar bhealach níos fearr.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Réigiún na Meánmhara, áiritheoidh mé go mbeidh luachanna agus prionsabail an Aontais maidir le cearta an duine i gcroílár an chomhshocraithe nua don Mheánmhuir agus ár rannpháirtíochta foriomláine i gComharsanacht an Deiscirt i gcoitinne. Beidh tacaíocht leanúnach sheasta dhíreach do ENRanna um chearta an duine agus do chosantóirí chearta an duine agus d'iriseoirí mar bhonn taca faoin gComhshocrú nua, cuir i gcás trí Chláir Théamacha ICFCI. Ba cheart go n-áireofaí leis sin acmhainní le haghaidh clár agus baill foirne atá ag obair don daonlathas agus ag tacú leis an tsochaí shibhialta. Mar a luadh sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, bainfimid úsáid as cur chuige comhtháite ina rannchuideoidh beartais eacnamaíocha, dhaonnúla, forbartha, síochána agus slándála. I bhfianaise na ndeiseanna a thagann leis an gcuimsiú, tá sé beartaithe agam ár dtacaíocht sheasta a shaothrú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn leis an óige, le leanaí, le daoine faoi mhíchumas, le dídeanaithe, le himircigh, le pobail óstacha, le heagraíochtaí um chearta na mban, chomh maith le grúpaí leochaileacha eile. Ba mhaith liom a chur i dtábhacht go leanfaidh mé, le tacaíocht ó thoscaireachtaí an Aontais, de bheith ag obair trí líonraí áitiúla chun a áirithiú gur féidir cistí an Aontais a dhíriú ar eagraíochtaí áitiúla agus pobail, agus tosaíocht ar leith á tabhairt do thionscnaimh a bhaineann leis an óige amhail ambasadóirí Óige an Aontais inár gComharsanacht. Ní bheidh aon drogall orm ach oiread aon saincheist a bhaineann le cosaint na luachanna agus na bprionsabal sin a tharraingt anuas ar bhealach oscailte cuiditheach i gcomhthéacs idirphlé polaitiúil rialta.

Ar an gcaoi sin, tá sé beartaithe agam freisin díriú ar chláir a thacaíonn le frith-éilliú, trédhearcacht an airgeadais phoiblí, rannpháirtíocht dhaonlathach, iarrachtaí san athchóiriú dlíthiúil agus institiúideach, chomh maith le fothú acmhainneachta. Tá na hionstraimí ag an Aontas chun é sin a dhéanamh. Mar shampla, cuireann oibríochtaí tacaíochta buiséid de chuid an Aontais athchóirithe chun cinn i réimse an airgeadais phoiblí. Thairis sin, tá an Coimisiún ag obair le hEagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Comhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) chun cúnamh spriocdhírithe a chur ar fáil chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme. Leanfaidh mé de bheith ag obair le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun féachaint ar conas an trédhearcacht a mhéadú. An obair ar thrédhearcacht bhuiséadach leis an gComhpháirtíocht um Buiséad Oscailte, is sampla den scoth í den chaoi tuilleadh oscailteachta a thabhairt isteach san airgeadas poiblí.

Ar deireadh, cuireann ár gcomhar airgeadais le tríú tíortha cur chuige bunaithe ar chearta an duine i bhfeidhm a chiallaíonn nach mór na gealltanais idirnáisiúnta ar ghlac ár gcomhpháirtithe leo i dtéarmaí chearta an duine a chomhlíonadh agus go bhfuil sásraí láidre faireacháin i bhfeidhm chun a áirithiú gurb amhlaidh atá. Déanfaidh mé faireachán ar éifeachtacht na sásraí sin agus beidh mé réidh le gníomhaíocht a dhéanamh i gcás ina n-aithnítear gá a bheith leis.